

Port of Cork Company
consolidated financial statements
for the year ended 31 December 2015

Cuideachta Phort Chorcaí
ráitis airgeadais chomhdhlúite
don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015



2015



Contents / Clár Ábhar

Chairperson's Report for 2015	ii
<i>Tuarascáil an Chathaoirligh do 2015</i>	
Chief Executive's Report.....	xxii
<i>Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh</i>	
Directors and Other Information.....	1
Report of the Directors	2
Directors' Responsibilities Statement	9
Independent Auditor's Report	10
Consolidated Income Statement	12
Consolidated Statement of Comprehensive Income	13
Consolidated Statement of Financial Position	14
Company Statement of Financial Position	15
Consolidated Statement of Cash Flows	16
Consolidated Statement of Changes in Equity	17
Notes to the Consolidated Financial Statements.....	18
Stiúrthóirí agus Eolas Eile	44
Tuarascáil na Stiúrthóirí	45
Ráiteas Dualgais na Stiúrthóirí	52
Tuarascáil na nIníochóirí Neamhspleácha	53
Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim.....	55
Ráiteas Comhdhlúite Ioncaim Chuimsitheach	56
Ráiteas Comhdhlúite ar Staid an Airgeadais	57
Ráiteas na Cuideachta ar Staid an Airgeadais.....	58
Ráiteas Comhdhlúite Sreabhadh Airgid	59
Ráiteas Comhdhlúite ar Athruithe Gnáthscaireanna	60
Nótaí do na Ráitis Chomhdhlúite Airgeadais	61

Contact

Tel: 00 353 21 4273125

Fax: 00 353 21 4276484

Web: www.portofcork.ie

Email: info@portofcork.ie

**Chairperson’s Report for 2015 as required under
the Code of Practice for the Governance of State Bodies and
Section 28(4) of the Harbours Acts 1996-2009
Port of Cork Company and its Subsidiary Undertakings**

Introduction:

2015 was an excellent year for the Ports of Cork and Bantry. The combined traffic amounted to 11.02 million tonnes compared to 10.15 million tonnes in 2014 which represented an increase of 871,713 million tonnes or 8.6%. Container traffic at the Tivoli Container Terminal increased by a further 8% following a 13% increase in 2014, oil traffic increased by 21%, trade car imports increased by 48%, and 56 cruise liners with a gross tonnage of 4 million tonnes, brought a record 144,000 passengers and crew to the region.

Turnover for the year 2015 amounted to €29.8 million (incl €0.65 million Bantry Turnover) up from €26.4 million in 2014. Consolidated Profit on ordinary activities before taxation amounted to €5.3 million compared to €2.7 million in 2014, an increase of €2.6 million or 99%.

Achievements in 2015 include:

- The achievement of an **operating profit before taxation of €5.3 million** which represents an increase of **99%** above **2014**.
- The completion in Q4, 2014 of the repayment of the 2009 docks rationalisation costs which reduced the PoCC cost base significantly.
- An Bord Pleanála granted Planning Permission for the PoCC proposed development of critical infrastructure in Ringaskiddy on the 28th May 2015.
- The PoCC was officially notified on the 29th June 2015 by the European Commission that they had decided to allocate €12.74 million (17.5% of eligible expenditure) to this Ringaskiddy project.
- The commencement in mid-January 2016 of the Ringaskiddy Port Redevelopment – Advance Works to comply with planning environmental constraints (namely the bird nesting season), so as not to delay the commencement of the main Civil & Infrastructural works later in 2016.
- The submission in February 2016 of an application under the “Motorways of the Seas” scheme in partnership with DFT (Dublin) and Belfast Harbour to try to secure EU funding assistance for ship to shore cranes, straddle carriers and the gate operating system.
- Completion of the investment of €1.5 million in upgraded, expanded and improved Cruise Berthing Facilities at the Cobh Deepwater Cruise Terminal to accommodate the maximum sized quantum class cruise vessels.
- Obtaining the approval of the Department of Transport Tourism & Sport to purchase a shareholding in the JV Company, Marino Point Port Company Limited proposing to re-develop Marino Point.
- The filming by TV3 of a second series of “Cork Mega Port” a 4-part TV documentary series specifically on the Port of Cork.
- The PoCC and Cunard hosted a commemoration ceremony led by President Michael D. Higgins on 7th May 2015 in Cobh to mark the centenary of the sinking of the Lusitania off the Cork Coast.



- Unveiling of Outline Plans for Phase 1 of the Bantry Inner Harbour Development costing in the region of €8.5 million, due to commence in Quarter 1 of 2016.
- Completion of the Bantry Inner Harbour Blue Ways Kayaking Trail, the first of its kind in Munster.
- Constant engagement with Key Customers, and
- ISO14001, OHSAS 18001 and IPSEM continued accreditations.

€650,435 Dividend payment to Department of Finance:

The Board of Directors of the PoCC approved a dividend payment to the Exchequer of €650,435 in May 2015 (2014: €503,866), being 26% of the Company's 2014 Profit after Taxation. It is the policy of the PoCC to support the shareholder and continue to pay a yearly dividend while also pursuing its capital strategic development plan and achieving a reduction in its pension fund deficit.

Trade Performance:

In 2015, Oil traffic at the Phillips66 Whitegate Oil Refinery increased by 21% to 5.8 million tonnes (2014: 4.8 million tonnes). The Oil refinery accounts for over 55% of the freight and 28% of ship tonnage and goods income of the Port of Cork. Whitegate Oil Refinery is critical to the Port of Cork, the region and nationally. The Port of Cork Company was informed on the 13th October 2015 that P66 briefed their employees that Phillips 66 was seeking a buyer for the refinery as a refinery along with the wholesale marketing business. This process is on-going.

Zenith Energy, a USA based oil storage company purchased the oil storage facility at Whiddy from Phillips66 in February 2015. Whiddy traffic amounted to 1.2 million tonnes in 2015 (2014: 1.3 million tonnes), now consolidated with the Port of Cork.

Non-oil traffic remained at 4 million tonnes in 2015. The combined port's container traffic for Tivoli and Ringaskiddy increased to 205,829 TEU's, an overall increase of 14,600 TEU's or 7.6%. This followed an increase of 12.22% in TEU traffic in 2014, which has now returned to the 2007 record levels. Increases in imports of Dry bulk cargos including animal feedstuffs and salt were off-set by decreases in imports of fertilisers, cereals and coal.

Imports of trade vehicles increased by 48% to 48,879 vehicles (2014: 33,009), an indication of the economic recovery. Imports of liquid petroleum gas slightly decreased, while exports of lead and zinc concentrates from Tivoli decreased with the Lisheen mine exhausted and due to close in January 2016. Towage operations were ahead of 2014 at 637 tows (2014: 592 tows) an increase of 7.6%. Brittany Ferries continued its' tourist ferry route from Cork to Roscoff and had a very successful year in 2015 with traffic up 7.4% on 2014, running every Saturday from March to October 2015.

Container Handling Facilities at Tivoli:

Traffic at the Tivoli Container Terminal continued to grow in 2015 with a cumulative increase of 22% in the 2 years to December 2015. In late February 2015, the Board of Directors approved additional investment of circa €1.7 million in the Tivoli container terminal to accommodate this traffic growth, including installation of additional reefers, moving an adjacent licence tenant to a different location in the Tivoli Industrial Estate, accepting the early surrender of an adjacent lease, and the purchase of second hand straddle carriers.

Container & Bulk Handling Facilities at Ringaskiddy:

In addition to extensive bulk handling facilities, the Port of Cork has, a container handling facility at the Ringaskiddy Deepwater Terminal. This enables the Port of Cork and global shipping company, Maersk, to maintain a direct deep-sea Trans-Atlantic service to Ireland from South America and the Caribbean which facilitates the importation of fruit and the export of Irish produce. The Port of Cork specifically invested €4 million to facilitate this service, with the development of a Ringaskiddy container compound and the purchase of a new electric RTG (Rubber Tyred Gantry Crane). In addition the Port also purchased a Liebherr LMH 550 Harbour Mobile Crane to enhance our container and bulk handling facilities and attract more deep-sea services into the Port of Cork.

These investments demonstrate the Port of Cork's commitment to continue to grow business and in turn, provide a much needed stimulus in Ireland's import and export trade. The vessels accommodated at Ringaskiddy are the largest which can be accommodated in Ireland, thus highlighting the deep-water capabilities of the port and the excellent Port of Cork facilities.

Port Redevelopment at Ringaskiddy:

The limitations at the existing Lo-Lo facilities in the Tivoli Container Terminal (water depth, width for vessel swinging, landside terminal capacity) requires the relocation of the container business downstream to the lower harbour at Ringaskiddy. Maritime traders want to enter and exit the harbour as quickly as possible. The Port redevelopment will be beneficial to the Port, Port Customers, the City, the wider Cork Community and the Region.




Water depth and width for vessel swinging limitations at Tivoli:

The Company having applied for planning permission for critical infrastructure redevelopments at Ringaskiddy estimated to cost €100 million on the 1st May 2014, were granted full planning permission by An Bord Pleanála on 29th May 2015. The Port welcomed this An Bord Pleanála decision as this will enable the Port to accommodate larger vessels and future proof Cork as an international gateway for trade to continue to meet the needs of our customers and the economic developmental needs of the region.

The Company is conscious of the concerns raised by the residents of Cork Harbour and we continue to consult with all stakeholders in relation to the development. Securing future development potential for the Port of Cork, translates into significant economic benefits for Cork and the Munster region, as well as the national economy. 98% of goods imported or exported from Ireland are moved by ship, amounting to over €14 billion annually in Cork alone, highlighting the importance of ports to the economy of the region.

The first phase of the Ringaskiddy Development includes an Optimised 360m Single Berth, a Straddle Carrier Operating System and some new maintenance buildings. This development represents the first phase of the implementation of the Port of Cork's Strategic Development Plan Review (2010), the core principles of which were endorsed in the National Ports Policy, which highlighted Cork as a Tier 1 port of national significance. This development is estimated to cost circa €81 million in the period 2015 – 2018 including €40 million infrastructure and €25m Superstructure (cranes / straddle carriers). This project will be financed from cash reserves, EU CEF financial support, EIB funding and financial institution funding all subject to the approval of the Minister for Transport Tourism & Sport and the Minister for Public Expenditure & Reform.

Phase 1 of the Ringaskiddy Port Redevelopment project is expected to be operational in 2018. The overall project will facilitate, on a phased basis, the Port of Cork in transferring cargo handling activities from Tivoli and the City Quays in due course.



Ringaskiddy Phase 1 Development will include an Optimised 360m Single Berth, a Straddle Carrier Operating System and some new maintenance buildings.

TEN-T:

The Port of Cork Company was successful in 2013 with its funding application made under “The Acceleration / Facilitation for the implementation of TEN-T projects”. This priority addressed activities alleviating bottle-necks and promoting cross-border connectivity at European level, through financially assisting Preparatory Studies (e.g. feasibility, environmental and design studies), concerning the development of projects with the aim to create a mature project, where EU added value is clearly demonstrated. Fifty percent grant aid was made available to obtain statutory consents for the Ringaskiddy development, complete financial and economic appraisals, detailed designs, communication plan and prepare tender documents. The Port of Cork will submit a final claim under this project in Q2, 2016.

2015 TEN-T Funding Application:

The Port of Cork was named as a Core port on the TEN-T North Sea-Mediterranean Priority Corridor, along with being identified as a Tier 1 Port in the National Ports Policy. One of the ambitions of this Corridor is that “Interconnectivity – In the North and West of the Corridor, where accessibility from the island regions is the critical issue, there is a need to develop Motorways of the Sea, and to improve hinterland connections at the seaports. To solve these issues, projects like the Port infrastructure and Ringaskiddy road connection in Cork ... should be encouraged”

The PoCC submitted a new application for TEN-T Transport Section CEF Funding to the European Commission DG-Move (Directorate General for Mobility and Transport) on the 23rd February 2015 following Department of Transport Tourism & Sport endorsement on the 20th February 2015. The PoCC was officially notified on the 29th June 2015 by the European Commission that they had decided to allocate €12.74 million (17.5% of eligible expenditure) to fund the construction of the proposed Ringaskiddy project.

In February 2016, the Port of Cork Company in partnership with DFT (Dublin) and Belfast Harbour submitted an application under the “Motorways of the Seas” scheme for EU funding assistance for ship to shore cranes, straddle carriers and the gate operating system.

Whitegate Oil Refinery:

The Whitegate Oil Refinery accounts for over 55% of the port’s overall cargo tonnage figures and accounts for 28% of the tonnage and goods income of the PoCC. Whitegate Oil Refinery is critical to both the Port of Cork and the oil supply chain of the wider regional and national economy. A legal agreement between the State and the US owners Phillips 66 to continue operations at Whitegate will expire in 2016. As noted above Phillips 66 is currently seeking a buyer for the refinery as a refinery along with the wholesale marketing business.



Whitegate Oil Refinery.

Bantry Bay Harbour Assets:

During 2013, the Minister of Transport Tourism & Sport, completed a Public Consultation process in respect of his proposal to transfer responsibility for Bantry Bay Harbour to the PoCC. Ministerial consent was received, following a consultation process, to form a subsidiary Bantry Bay Port Company Limited (BBPC) to operate Bantry Harbour. The completion of the amalgamation and consolidation of the Bantry

Bay Harbour assets and Pilotage arrangements into the Port of Cork was achieved during 2014 and the new company is operating very well.

Bantry Bay Port Company Limited immediate Objectives:

BBPC prepared a Business Plan with the immediate objectives agreed as follows:

- To put in place all required procedures, systems and controls including Health & Safety, Security, Internal Financial Control Procedures and Environmental;
- To develop and improve the business, trade and cruise throughput of the Port Company;
- To ensure that the Port Company complies with all regulatory matters including audit, corporate governance and risk management;
- To have in place the appropriate facilities and plant to service the needs of existing and potential customers;
- To continue to promote marine leisure and tourism, and be supportive of relevant community initiatives in Bantry Bay;
- To advance Phase 1 of the Bantry inner harbour remedial and capital works as proposed and discussed with the Department of Transport Tourism & Sport. Contracts were signed on the 8th February 2016 to commence in quarter 1, 2016 the Bantry Inner Harbour Development costing in the region of €8.5 million.

IDA Landswap:

As part of the IMERC project at Ringaskiddy the PoCC is committed to the transfer of lands under its control, in consideration for IDA lands, to University College Cork for the construction of a new Cork Maritime Research Centre Hydraulic Laboratory. Government funding has been allocated for the project to UCC and they have obtained the necessary planning permission. The PoCC issued a licence to UCC in 2014, while awaiting progress on a second land swap with the IDA. We will keep the Department of Transport Tourism & Sport updated with regard to this matter.

Marino Point:

The Marino Point site has, for a long time, been identified as a suitable Port site to complement facilities in Ringaskiddy. The site has:

- Rail connectivity;
- An Existing Jetty – 10m draft – Access and Berthage;
- Seveso designation on site – thereby presenting an opportunity to facilitate relocation of other Seveso sites from Tivoli and the City; and
- Significant development potential as a Cork Harbour Port site.

However, the site also has a number of potential challenges related to planning, licence consents, foreshore, bridge and road access and the cost of redevelopment.

In 2014, the PoCC sourced partners who agreed to jointly acquire and redevelop the Marino Point site with the PoCC to have a shareholding interest in this Joint Venture

and in November 2015, the PoCC received Ministerial approval to acquire Share Capital in this JV Company Marino Point Port Company Limited.



Marino Point:

Cork City Docklands Development:

The Port of Cork Company maintains its support for the Cork Docklands redevelopment and intends playing a full role in ensuring the potential of the area is realised.

Tourism:

Cobh is synonymous with a lot of the Harbour's history and today boasts that it is home to Ireland's only dedicated Cruise terminal. Vessels up to 340m in length can currently be accommodated. In 2015, 56 cruise liners with a gross tonnage of 4 million tonnes (2014: 3.5 million), brought a record 144,000 passengers and crew to the region. A Lusitania Commemoration Ceremony "Lusitania Remembered" was held on the 7th May 2015 in Cobh and the Port was honoured to have this event presided over by President Michael D. Higgins. In quarter 1, 2016 a €1.5 million investment in upgraded, expanded and improved Cruise Berthing Facilities at the Cobh Deepwater Cruise Terminal was completed which will provide sufficient mooring infrastructure and water depth to accommodate the largest Quantum Class cruise vessels in Cobh.

The combination of the Spike Island - Cobh / Titanic / Lusitania and Harbour Forts represents a unique tourism opportunity for the region. The Port is actively involved in these projects and believes the new experiences they offer are complementary to Cruise traffic. The Port is investigating additional access points across the Harbour.

Cobh Maritime Development Company Limited was formed in March 2013 as a non-trading “special purpose entity” involving Cork County Council, Cork City Council, Cobh Urban District Council and the PoCC. The sole purpose of this entity is to develop an area in the Cobh Railway Station to offer tourists and cruise passengers additional facilities and exhibition accommodation.

Leisure and Recreation Strategy:

In developing a Leisure and Recreation Strategy for Cork and Bantry Harbours, the Company has identified a number of initiatives for further development of the marine recreation sector, thereby helping and supporting an important source of enjoyment and economic gain for residents and visitors alike.

The Port of Cork City Marina proved to be a major addition to Cork City and is widely used by local and visiting boats. The Marina facilitates a number of events including Cork Harbour Open Day, Ocean to City and the Cobh to Blackrock race. The Company, through its Corporate Social Responsibility Policy continues to have wide involvement with all Port stakeholders and Harbour Community Groups including developments at Monkstown and Aghada.

Bantry Bay Port Company Limited, assisted by the Irish Sports Council and the Fisheries Area Development Scheme, officially launched the Bantry Inner Harbour Blue Ways Kayaking Trail on 10th August 2015. This project cost in the region of €30,000 with grant aid assistance of €19,744 being approved by the Fisheries Area Development Scheme. This is a welcome addition to Bantry harbour and highlights the tourism potential of the area. Bantry Bay Port Company Limited also supported local leisure, recreation and tourism by organising a Maritime Art Exhibition in Bantry House in the summer of 2015.

Developing Tourism potential:

The Ports of Cork and Bantry are active participants in a number of initiatives aimed at developing the tourism potential in Cork and Bantry Harbours. These include participating in the Cork County Council Spike Island working group, the Cork Harbour Management Group, working with the Cobh and Harbour Chamber of Commerce, the Bantry Bay User Forum and the Whiddy Island Association.

It is the view of the Company that considerable potential exists for commercial tourism opportunities in the Harbours which would support the growth of the established cruise and other tourism related businesses. The interpretation of the rich maritime, emigration and trading history of Cork Harbour and Bantry can, in time, generate sustainable businesses and employment opportunities. The Company intends to play a leading role in this area, by the development of its business and supporting the economic development and job potential of this region.

Defined Benefit Pension Fund Deficit:

The Port of Cork Company operates defined benefit pension schemes for employees who joined the Company prior to the 6th March 2006. For employees recruited after 6th March 2006, the Company operates a Defined Contribution Pension Scheme.

Details regarding the Port of Cork Company Pension Schemes-Actuarial Valuation and FRS17 Disclosures are included in note 22 to the annual Financial Statements attached.

Immediate Priorities:

The immediate priorities of the Port of Cork Company are to:

- Continue growth at the Ports of Cork and Bantry through renewed competitiveness, investment and profitability for the long term;
- Significantly reshape port infrastructure for a long term future; and
- Assist regional economic development opportunities to the fullest in the areas of Tivoli, Ringaskiddy, Cobh, Cork Docklands and Bantry developments, promotion of tourism, maritime research and industrial expansion.

Acknowledgements:

I would like to thank the Minister for Transport, Tourism and Sport Mr. Paschal Donohoe T.D., and the Minister for Finance for all their continued help and advice and I am confident this will continue into the future. I acknowledge the dedicated manner in which the staff at the Department of Transport Tourism and Sport deal with the Port of Cork Company.

I would like to thank the Chief Executive, Mr. Brendan Keating, the management and all the employees for their continued dedication and contribution to the company during 2015.

Finally, I would like to thank my fellow Directors, for their commitment and interest in the affairs of the company together with their loyal support and diligence in attending board, committee, subsidiary company, trustee meetings and other company events.

**Mr. John Mullins,
Chairman**

**Tuarascáil an Chathaoirligh do 2015 faoi mar a éilítear
faoi nGód Cleachtais do Rialachas na gComhlachas Stáit agus faoi
Alt 28 (4) d’Achtanna na gCuan 1996-2009
Cuideachta Phort Chorcaí agus a cuid Fiontar Fochuideachtaí**

Réamhrá:

D’éirigh thar barr le Poirt Chorcaí agus Bheanntaí sa bhliain 2015. Tháinig méadú ar iomlán tráchta Phort Chorcaí agus Bheanntaí go 11.02 milliún tona le hais 10.15 milliún tona i 2014, sin méadú de 871,713 tona nó 8.6%. Tháinig méadú 8% ar thrácht na gcoimeádán i gCríochfort Coimeádán Tivoli, tar éis méadú 13% a bhaint amach sa bhliain 2014, tháinig méadú 21% ar thrácht ola, tháinig méadú 48% ar iompórtail gluaisteán tráchtála, agus thug 56 línéir cúrsála, le holltonnáiste de 4 milliún tona, breis is 144,000 paisinéir agus criú, an méid is mó riamh, isteach sa réigiún.

Bhí láimhdeachas €29.8 milliún ann sa bhliain 2015 (lena n-áirítear €0.65 milliún láimhdeachas i mBeanntaí) suas ó €26.4 milliún sa bhliain 2014. Bhí brabús comhdhlúite ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas de €5.3 milliún i gcomparáid le €2.7 milliún sa bhliain 2014, méadú de €2.6 milliún nó 99%.

Ar na nithe a baineadh amach sa bhliain 2015 áirítear:

- Méadú **brabúis oibriúcháin roimh chánachas de €5.3 milliún** arb ionann agus méadú de **99%** ar **2014**.
- Na híocaíochtaí deireanacha a dhéanamh sa ráithe deireanach de 2014 maidir leis na costais chuíchóirithe na nduganna 2009, rud a laghdaigh bonn costais Chuideachta Phort Chorcaí (CPC) go mór.
- Ar an 28 Bealtaine, 2015 thug An Bord Pleanála Cead Pleanála do CPC maidir leis an moladh bonneagar criticiúil a fhorbairt i Rinn an Scidígh
- Ar an 29 Meitheamh 2015 a fuair CPC fógra oifigiúil ó Choimisiún na hEorpa go raibh cinneadh déanta acu €12.74 milliún (17.5% den chaitheachas incháilithe) a cheadú don tionscadal seo i Rinn an Scidígh.
- Beartaíodh ar thús a chur i lár mhí Eanáir 2016 le Réamhoibreacha - Athfhorbairt Chalafort Rinn an Scidígh chun cloí le srianta timpeallachta pleanála (séasúr neadaithe éan), ionas nach gcuirfí moill leis na príomhoibreacha Sibhialta agus Bonneagair a thosnú níos déanaí i 2016.
- An t-iarratas i mí Feabhra 2016, a rinne Cuideachta Phort Chorcaí faoin scéim “Motorways of the Seas” agus i bpáirtnéireacht le DFT (Baile Átha Cliath) agus Cuan Bhéal Feirste d’fhonn tacaíocht maoiniúcháin AE a dhaingniú do chraenacha cladaigh, iompróirí gabhalscartha agus an córas feidhmíochta geata.
- Infheistíocht €1.5 milliún curtha i gcrích in uasghrádú, méadú agus feabhsú na nÁiseanna Calaithe Cúrsála i gCríochfort Cúrsála Domhainmhara an Chóibh chun slí a bheith ann do na hárthaigh cúrsála is mó den aicme quantum.
- Cead a fháil ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt scairsheilbh a cheannach sa chuideachta chomhfhiontair Marino Point Port Company Limited atá ag beartú ar athfhorbairt a dhéanamh ar Phointe na Muiríne.
- Scannánú ag TV3 ar an tarna sraith de “Cork Mega Port”, sraith 4-pháirt cláracha faisnéise don teilifís dírithe go sonrach ar Phort Chorcaí.

- Reáchtáil CPC agus Cunard searmanas cuimhneacháin a raibh Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUigín i gceannas air ar an 7 Bealtaine 2015 sa Chóbh mar chuimhneachán céad bliain ón uair a cuireadh go tóin poill an Lusitania amach ó Chósta Chorcaí.



- Pleananna Imlíneacha a chuir i láthair maidir le Céim 1 d’Fhorbairt Chuan Bheantraí Istigh a mbeidh thart ar €8.5 milliún mar chostas uirthi, agus atá le tosú i Ráithe 1 de 2016.
- Críochnú Blue Ways Kayaking Trail i gCuan Bheantraí Istigh, an chéad ceann cosúil leis sa Mhumhain.
- Caidreamh gníomhach agus leanúnach le Príomh-Chustaiméirí, agus
- creidiúnuithe ISO14001, OHSAS 18001 agus IPSEM.

€650,435 díbhinn a íocadh leis an Roinn Airgeadais:

Cheadaigh Stiúrthóirí CPC díbhinn a íoc leis an Státhchiste dar luach €650,435 i mí Bealtaine 2015 (2014: €503,866), arbh ionann é agus 26% de Bhrabús na Cuideachta don bhliain 2014 tar éis cánachais. Is polasaí de chuid CPC a cuid scairshealbhóirí a chothú agus díbhinn bhliantúil a íoc chomh maith le plean forbartha straitéiseach caipitil agus easnamh chiste pinsin na cuideachta a laghdú.

Feidhmíocht Trádála:

Sa bhliain 2015, tháinig mhéadú 21% ar an dtrácht ola ag Scaglann Ola an Gheata Bháin Philips66 go 5.8 milliún tona (2014: 4.8 milliún tona). Seasann an Scaglann Ola do bhreis agus 55% den lastas agus 28% den tonnáiste loingeas agus ioncam ó earraí a bhíonn ag Port Chorcaí. Tá Scaglann Ola an Gheata Bháin ríthábhachtach do Phort Chorcaí, don réigiún agus go náisiúnta. Tugadh le fios do Cuideachta Phort Chorcaí ar an 13 Deireadh Fómhair 2015 go raibh P66 tar éis a chomhairliú dá bhfostaithe go raibh Philips66 sa tóir ar

cheannaitheoir don scaglann, mar scaglann i dteannta ghnó margáochta mórdhíola. Tá an próiseas seo ag dul ar aghaidh faoi láthair.

Cheannaigh Zenith Energy, cuideachta stórála ola atá bunaithe i Stáit Aontaithe Mheiriceá, an áis stórála ola ar Fhaoide ó Phillips66 i mí Feabhra 2015. Shroich trácht Fhaoide 1.2 milliún tona sa bhliain 2015 (2014: 1.3 milliún tona), comhdhlúite anois le Port Chorcaí.

Lean an trách neamh-ola ag 4 milliún tona sa bhliain 2015. Tháinig méadú ar iomlán tráchta na gcoimeádán maidir le Tivoli agus Rinn an Scidígh curtha le chéile go 205,829 TEU, méadú foriomlán de 14,600 TEU nó 7.6%. Tháinig sé seo tar éis méadú sa trácht TEU de 12.22% sa bhliain 2014, atá anois ag leibhéal arda na bliana 2007 athuair. Deineadh fritháireamh ar an méadú i mbuile-earraí tirim iompórtáilte lena n-áirítear bianna ainmhithe agus salann toisc laghdú san iompórtáil ar leasacháin, gránaigh agus gual.

Tháinig méadú 48% go 48,879 ar iompórtáil fheithiclí tráchtála (2014: 33,009), táscaire ann féin ar an dtéarnamh eacnamaíochta. Tháinig laghdú beag ar an méid gás peitríliam leachtach a iompórtáladh agus tháinig laghdú chomh maith ar easpórtáil luaidhe agus since ó Tivoli de dheasca mhianaigh an Lisín a bheith ídithe agus le dúnadh i mí Eanáir 2016. Bhí oibríochtaí tuála chun cinn ar 2014 ag 637 táil (2014: 592 tuáil) méadú de 7.6%. Lean Brittany Ferries dá bealach farantóireachta do thurasóirí ó Chorcaigh gop Roscoff agus ba bhliain an-rathúil í an bhliain 2015 le méadú 7.4% tráchta ar 2014, ag seoladh gach Satharn ó Mhárta go Deireadh Fómhair 2015.

Áiseanna Láimhseála Coimeádán i Tivoli:

Lean an fás sa trácht trí Críochfort Coimeádán Tivoli sa bhliain 2015 le méadú carnach de 22% sa dhá bhliain go Nollaig 2015. I dtreo deireadh mí Feabhra sa bhliain 2015, cheadaigh an Bord Stiúrthóirí infheistíocht bhreise de c. €1.7 milliún i geríochfort coimeádán Tivoli chun slí a bheith ann don fás tráchta seo, lena n-áirítear rífeanna breise a chur isteach, tionónta ceadaithe a bhí cóngarach a bhogadh go láthair difriúil in Eastát Tionsclaíoch Tivoli, glacadh le luath-ghéilleadh ar léas cóngarach, agus ceannach iompróirí gabhalscartha athlámhe.

Áiseanna Láimhseála Coimeádán & Builc i Rinn an Scidígh:

I dteannta na n-áiseanna fairsinge láimhseála builc, tá áis láimhseála coimeádán ag Port Chorcaí i gCríochfort Domhainmhara Rinn an Scidígh. Cuireann se seo ar chumas Port Chorcaí agus an cuideachta loingseoireachta domhanda, Maersk, seirbhís dhomhainmhara dhíreach Tras-Atlantach a chuir ar fáil go hÉirinn ó Mheiriceá Theas agus an Chairib rud a éascaíonn iompórtáil torthaí agus earraí Éireannacha a easpórtáil. Rinne Port Chorcaí infheistiú ar leith ar €4 milliún chun an tseirbhís seo a éascú, le forbairt ionaid coimeádán Rinn an Scidígh agus ceannach RTG leictreach nua (craein droichid le boinn rubair). Ina theannta sin ceannaíodh Liebherr LMH 550 Craein Calafóirt Soghluaiste le cur lenár n-áiseanna láimhseála coimeádán agus builc agus a thuilleadh seirbhísí domhainmhara a mhealladh isteach go Port Chorcaí.

Léiríonn na hinfeistíochtaí seo an tiomantas atá ag Port Chorcaí leanúint do bheith ag cur lena ghnó agus dá thoradh, spreagadh a thabhairt d'earnail iompórtála agus easpórtála na hÉireann, spreagadh atá ag teastáil go géar. Is iad na soithigh a gcuirtear cóiríocht ar fáil dóibh i Rinn an Scidígh na soithigh is mó a gcuirtear cóiríocht ar fáil dóibh in Éirinn, rud a léiríonn acmhainní domhainmhara an phoirt agus sár-acmhainní Phoirt Chorcaí.

Athfhorbairt an Chalafoirt i Rinn an Scidígh

Bíonn ar an ngnó coimeádán dul níos faide síos fan na habhann go dtí íochtar an chuain agus Rinn an Scidígh toisc srianta ar na háiseanna reatha lóló i gCríochfort Coimeádán Tivoli (doimhneacht uisce, leithead le haghaidh luascadh soitheach, cumas críochfort ar thaobh na talún). Is mian le trádálaithe muirí teacht isteach sa chuan agus imeacht amach arís as an gcuan chomh tapa agus is féidir. Beidh ath-fhorbairt an Phoirt ina bhuntáiste don bPort, do Chustaiméirí an Phoirt, don gCathair, do phobal leathan Chorcaí agus don Réigiún.



Doimhneacht uisce agus leithead chun soithigh a luascadh ag Tivoli:


Thug An Bord Pleanála cead iomlán pleanála ar an 29 Bealtaine 2015 tar éis don gCuideachta iarratas a dhéanamh ar chead pleanála ar athfhorbairtí bonneagair ríthábhachtacha i Rinn an Scidígh a mbeidh costas measta de €100 milliún orthu ar Lá Bealtaine, 2014. Bhí fáilte ag an bPort roimh an gcinneadh seo ón mBord Pleanála toisc go gcuirtear leis an gcinneadh sin ar chumas an Phoirt cóiríocht a chuir ar fáil do shoithigh níos mó agus cosaint a thabhairt amach anseo do Chorcaigh mar tháirseach idirnáisiúnta trádála agus leanúint do bheith ag freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí agus ar riachtanais forbartha an réigiúin.

Tugann an Chuideachta ceann do na cúiseanna inní atá léirithe ag cónaitheoirí Chuain Chorcaí agus leanfar leis an gcomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara go léir maidir leis an bhforbairt. Cabhróidh daingniú deiseanna chun forbartha sa todhchaí do Phort Chorcaí go mór le buntáistí eacnamúla a bhronnadh ar Chorcaigh agus ar réigiún na Mumhan maraon leis an ngeilleagar go náisiúnta. Is ar bord loinge a deintear 98% den iompórtáil nó easpórtáil ar earraí isteach is amach as Éirinn, agus tá luach €14 billiún sa bhliain á leanúint i gCorcaigh féin, rud a léiríonn go soiléir chomh tábhachtach is atá poirt do gheilleagar an réigiúin.

Cuimsítear sa chéad chéim don bhForbairt ar Rinn an Scidígh Beart Singil 360m Barrfheabhsaithe, Córas Oibriúcháin Iompróra Ghabhalscartha agus roinnt foirgneamh nua cothabhála. Is ionann an fhorbairt seo agus an chéad chéim in Athbhreithniú Phlean Forbartha Straitáiseach Phoirt Chorcaí (2010). Glacadh le croíphrionsabail an athbhreithnithe sin sa Bheartas Náisiúnta Calafort inar leagadh béim ar an aitheantas atá ag Corcaigh mar phort ar leibhéal 1 le tábhacht náisiúnta. Meastar go mbeidh costas c.€81 milliún ar an

bhforbairt seo sa tréimhse 2015 - 2018 lena n-áirítear €40 milliún ar bhonneagar agus €25 milliún ar fhorstruchtúr (craenacha/ iompróirí gabhalscartha). Déanfar maoiniú ar an dtionscadal le cúlchistí airgid, AE, tacaíocht airgid ón Saoráid um Chónascadh na hEorpa (CEF), maoiniú ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), agus maoiniú ó institiúidí airgeadais agus iad ar fad faoi réir fhaomhadh an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus faoi réir fhaomhadh an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Táthar ag súil go mbeidh Céim 1 de thionscadal Athfhorbartha Chalafort Rinn an Scidígh ag feidhmiú sa bhliain 2018. Cabhróidh an tionscadal iomlán, ar bhonn céimiúil, le Port Chorcaí a ngníomhaíochtaí láimhseála lastais a aistriú ó Tivoli agus ó Chéanna na Cathrach de réir a chéile.



Mar chuid de Chéim 1 don bhForbairt ar Rinn an Scidígh cuimseofar Beart Singil 360m Barrfheabhsaithe, Córás Oibriúcháin Iompróra Ghabhalscartha agus roinnt foirgneamh nua cothabhála.

TEN-T:

Bhí rath ar an iarratas ar mhaoiniú a rinne Cuideachta Phort Chorcaí sa bhliain 2013 faoin “Luasghéarú / Éascú chur i bhfeidhm tionscadail de chuid TEN-T”. Thug an tosaíocht seo aghaidh ar ghníomhaíochtaí a bhí dírithe ar scrogail; l tráchta a réiteach agus nascacht trasteorann ar an leibhéal Eorpach a chur chun cinn, trí thacú le maoiniú a dhéanamh ar Staidéir Ullmhúcháin (e.g. staidéir féidearthacht, timpeallachta agus deartha), maidir le tionscadail a fhorbairt a mbeadh d’aidhm acu tionscadal aibidh a chruthú, ina mbeadh luach breise don AE soiléir. Cuireadh deontas 50% ar fáil chun comhthoilíú reachtúla a fháil don bhforbairt i Rinn an Scidígh, meastacháin iomlána airgeadais agus eacnamaíocha, dearáí sonracha, plan cumarsáide agus cáipéisí tairisceana a ullmhú. Seolfaidh Port Chorcaí éileamh deiridh faoin dtionscadal seo sa tarna ráithe de 2016.

Iarratas ar Mhaoiniú do TEN-T 2015:

Ainmníodh Port Chorcaí mar Chroí-phort de chuid Chonair Tosaíochta TEN-T na Mara Thuaidh - Meánmhara, i dteannta bheith luaite mar phort ar leibhéal 1 sa Bheartas Náisiúnta Calafort. Ceann de mhianta an Chonair seo is ea “Idirnascacht – i dTuaisceart agus in Iarthar na Conaire, áit gurb í inrochtaineacht ó na réigiúin oileánacha an cheist is mó, tá riachtanas ann Mótarbhealach Mara a fhorbairt, agus naisc a fheabhsú idir na cúlchríocha agus na calafoirt mara. D’fhonn na ceisteanna seo a réiteach, is cóir tionscadail ar nós bonneagar Poirt agus nasc bóthair idir Rinn an Scidígh agus Corcaigh a chur chun cinn”

Ar an 23 Feabhra 2015 chuir CPC iarratas ar mhaoiniú TEN-T Rannóg Iompair CEF faoi bhráid DG-Move an Choimisiúin Eorpaigh (Ard-Stiúrthóireacht na Soghluaisteachta agus an Iompair) tar éis don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt tacú leis ar an 20 Feabhra 2015. Ar an 29 Meitheamh 2015 a fuair CPC fógra oifigiúil ó Choimisiún na hEorpa go raibh cinneadh déanta acu €12.74 milliún (17.5% den chaitheachas incháilithe) a cheadú chun maoiniú a dhéanamh ar thógáil an tionscadail seo beartaithe do Rinn an Scidígh.

I mí Feabhra 2016, rinne Cuideachta Phort Chorcaí faoin scéim “Motorways of the Seas” agus i bpáirtnéireacht le DFT (Baile Átha Cliath) agus Cuan Bhéal Feirste d’fhonn tacaíocht maoiniúcháin AE a dhaingniú do chraenacha cladaigh, iompróirí gabhalscartha agus an córas feidhmíochta geata.

Scaglann Ola an Gheata Bháin:

Is í Scaglann Ola an Gheata Bháin a chruthaíonn breis agus 55% de na figiúirí a bhaineann le tonnáiste lastas agus 28% den ioncam ó thonnáiste loingeas agus earraí a bhíonn ag CPC. Tá Scaglann Ola an Gheata Bháin ríthábhachtach do Phort Chorcaí agus do shlabhra soláthair ola an réigiún agus don geilleagair náisiúnta. Beidh an comhaontú dlíthiúil idir an Stát agus úinéirí Phillips 66, arb as na Stáit Aontaithe iad, maidir le bheith i mbun oibríochtaí ag an nGeata Bán, as feidhm sa bhliain 2016. Mar atá luaite thuas roimhe seo tá Philips66 sa tóir ar cheannaitheoir don scaglann, mar scaglann i dteannta ghnó margaíochta mórdhíola.



Scaglann Ola an Gheata Bháin.

Sócmhainní Cuain Bhá Bheanntraí

Le linn na bliana 2013, chuir an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt próiseas comhairliúcháin i gcrích maidir leis an bhfreagracht as Cuan Bhá Bheanntraí a aistriú go CPC. Tháinig toiliú ón Aire, tar éis próisis chomhairliúcháin, a mhol fochuideachta Bantry Bay Port Company Limited (BBPC) a bhunú chun Cuan Bheanntraí a oibriú. Comhlánaíodh conascadh agus comhdhlúthú sócmhainní agus socruithe Píolótaíochta Chuan Bhá Bheanntraí le Port Chorcaí le linn na bliana 2014 agus tá ag éirí go han-mhaith leis an gcuideachta nua.

Cuspóirí láithreacha Bantry Bay Port Company Limited immediate Objectives:

D'ullmhaigh BBPC Plean Gnó inar aontaíodh na cuspóirí láithreacha mar seo a leanas:

- Na nósanna imeachta riachtanacha ar fad a chur ar bun, córais agus rialú lena n-áirítear Sláinte & Sábháilteacht, Nósanna Imeachta um Rialú Inmheánach Airgeadais;
- Forbairt a dhéanamh agus feabhas a chur ar ghnó, trádáil agus tréachur cúrsála na Cuideachta Poirt;
- A chinntiú go bhfuil an Cuideachta Poirt ag comhlíonadh gach ní ó thaobh rialúcháin lena n-áirítear iniúchadh, rialachas corparáideach agus bainistíocht riosca;
- Na háiseanna agus an trealamh cuí a bheith in úsáid chun freastal ar na riachtanais atá ag custaiméirí atá ann cheana chomh maith le custaiméirí féideartha;
- Leanúint do bheith ag cur caitheamh aimsire muirí agus turasóireacht chun cinn, agus leanúint do bheith ag tacú leis na tionscnaimh phobail lena mbaineann i mBá Bheanntraí;
- Céim 1 de na hoibreacha caipitiúla agus feabhais i gcuain Bheanntraí istigh mar atá molta agus pléite leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt. Síníodh conarthaí ar an 8 Feabhra 2016 chun tús a chuir i ráithe 1, 2016 le Forbairt Chuan Bheanntraí Istigh a mbeidh thart ar €8.5 milliún mar chostas á leanúint.

Malartú Talún leis an IDA:

Mar chuid de thionscadal IMERC i Rinn an Scidígh tá CPC tiomanta an talamh atá faoina gcúram a aistriú go Coláiste na hOllscoile Corcaigh, mar mhalairt ar thalamh de chuid an IDA, chun Saotharlann Hiodrálach nua a thógáil do Lárionad Taighde Mhuirí Chorcaí. Tá maoiniú leithdháilte ag an rialtas ar UCC don tionscadal agus tá an cead pleanála a theastaíonn faighte. D'eisigh CPC ceadúnas do UCC sa bhliain 2014 agus iad ag feitheamh le dul chun cinn maidir leis an tarna malartú talún leis an IDA. Coimeádfaimid an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt cothrom le dáta maidir leis seo.

Pointe na Muiríne:

Tá Pointe na Muiríne aitheanta, le fada, mar láthair oiriúnach Poirt a dhéanfadh comhlánú ar na háiseanna i Rinn an Scidígh. Ar an láthair tá:

- Nascacht iarnróid;
- Tá cé ann cheanna – caolú 10m – Rochtain agus Beartlann;
- Ainmniú Seveso ar an suíomh – dá réir sin deis á cruthú na suíomhanna eile Seveso a athlonnú ó Tivoli agus ón gCathair; agus
- Féidearthacht suntasach forbartha mar shuíomh do Phort Chuan Chorcaí.

Ach, tá roinnt dúshlán ag gabháil leis mar shuíomh chomh maith a bhaineann le pleanáil, toiligh cheadúnas, cladach, rochtain ar dhroichead agus ar bhóthar agus an costas a bheadh ar an athfhorbairt.

Sa bhliain 2014, d'aimsigh CPC páirtneírí a d'aontaigh go gceannófaí agus go ndéanfaí athfhorbairt le chéile ar shuíomh Phointe na Muiríne is go mbeadh scairsheilbh mar spéis ag CPC sa Chomhfhiontar agus i mí na Samhna 2015 fuair CPC cead ón Aire scairchaipiteal a cheannach sa chuideachta chomhfhiontair Marino Point Port Company Limited.



Pointe na Muiríne:

Forbairt Cheantair Duganna Chathair Chorcaí:

Leanann Cuideachta Phort Chorcaí dá tacaíocht d'athfhorbairt Cheantair Duganna Chathair Chorcaí agus tá sí tiomanta ról iomlán a bheith aici i bhforú acmhainneachta iomlán an cheantair.

Turasóireacht:

Samhlaítear an Cóbh le mórán d'oidhreacht an Chuain agus inniu tá se le maíomh acu gurb é sa Chóbh amháin in Éirinn atá críochfort Cúrsála. Faoi láthair is féidir cóiríocht a chuir ar fáil do shoithigh atá suas le 340m ar fhaid. Sa bhliain 2015 thug 56 línéir cúrsála, le holltonnáiste de 4 milliún tona (2014: 3.5 million), breis is 144,000 paisinéir agus criú, an méid is mó riamh, isteach sa réigiún. Reáchtáladh searmanas cuimhneacháin “Lusitania Remembered” ar an 7 Bealtaine 2015 sa Chóbh agus bhí sé d'onóir ag an bPort fáilte a chur roimh Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUigín bheith i bhfeidhil ar an imeacht. Sa chéad ráithe de 2016 rinneadh infheistíocht €1.5 milliún in Áiseanna Calaithe Cúrsála i gCríochfort Cúrsála Domhainmhara an Chóibh a uasghrádú, a mhéadú agus a fheabhsú chun slí a bheith ann ó thaobh bonneagair feistithe agus doimhneacht uisce chun cóiríocht a chur ar fáil do na hárthaigh cúrsála is mó den aicme Quantum sa Chóbh.

Le hInis Píc - An Cóbh / Titanic / Lusitania agus Dúnfoirt an Chuain cruthaítear deis ar leith turasóireachta don réigiún. Tá an Port páirteach go gníomhach sna tionscadail seo agus creideann sé gur chun fónamh na tráchta Cúrsála a bheidh na heispéiris nua a thiocfaidh astu. Tá an Port ag iniúchadh pointí rochtana breise trasna an Chuain.

Bunaíodh Cobh Maritime Development Company Limited i mí Márta 2013 mar ‘aonán sainchuspóra’ neamhtrádála ina bhfuil Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Cathrach Chorcaí, Comhairle Ceantair Baile an Chóibh agus an CPC páirteach ann. An cuspóir amháin ata ag an aonán seo ná spás a fhorbairt i Stáisiún Traenach an Chóibh ina mbeidh áiseanna breise á dtairiscint do thurasóirí agus do phaisinéirí cúrsála chomh maith le áit do thaispeántais.

Straitéis Fóillíochta agus Áineasa:

Nuair a bhí foprbairt á dhéanamh ar Straitéis Fóillíochta agus Áineasa do Chuanta Chorcaí agus Bheantraí, d’aithin an Chuideachta roinnt tionscnamh in earnáil na háineasa muirí a raibh breis forbartha de dhíth orthu. Ag eascirt as an bhforbairt bhreise seo bheifí ag cabhrú agus ag tacú le foinse tábhachtach sásaimh agus dul chun cinn eacnamaíoch do chónaitheoirí agus do chuirteoirí araon.

Chuir Muirína Cathrach Phoirt Chorcaí go mór le Cathair Chorcaí agus tá sí á húsáid go forleathan ag báid áitiúla agus ag báid atá ar chuairt. Déanann an Mhuiríne áisiú ar roinnt imeachtaí éagsúla lena n-áirítear Lá Oscailte Chuan Chorcaí, Aigéan go Cathair agus an rás ó Chóibh go dtí an Charraig Dhubh. Leanann an Chuideachta trína Beartas ar Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach do bheith rannpháirteach le páirtithe leasmhara an Phoirt agus le Grúpaí Pobail an Chuain lena n-áirítear forbairtí i mBaile an Mhanaigh agus in Áth Fhada.

Sheol Bantry Bay Port Company Limited, le cúnadh ó Chomhairle Spóirt na hÉireann agus ó Scéim Forbartha Iascaireachta Ceantair, an Blue Ways Kayaking Trail i gCuan Bheantraí Istigh ar an 10 Lúnasa 2015. Bhí costas thart ar €30,000 ar an dtionscadal seo, le cúnadh deontais de €19,744 ón Scéim Forbartha Iascaireachta Ceantair. Gné nreise é seo i gCuan Bheantraí a bhfuil fáilte roimpi agus a léiríonn acmhainneacht turasóireachta an cheantair. Thug Bantry Bay Port Company Limited tacaíocht d’fhóillíocht, d’áineas agus do thurasóireacht go háitiúil trí Thaispeántas Ealaíne Muirí a eagrú i dTeach Bheantraí i samhradh na bliana 2015.

Acmhainneacht Turasóireachta a Fhorbairt:

Rannphairtithe gníomhacha is ea Poirt Chorcaí agus Bheantraí i roinnt tionscnamh ata dírithe ar acmhainneacht thurasóireachta a fhorbairt i gCuanta Chorcaí agus Bheantraí. Áirítear orthu seo an rannpháirtíocht i ngrúpa oibre Chomhairle Contae Chorcaí maidir le Inis Píc, Grúpa Bainistíochta Chuan Chorcaí, oibriú le Cumann Tráchtála an Chóibh agus Cuain, Fóram Úsáideoirí Bhá Bheantraí agus Cumann Oileáin Faoide.

I dtuairim an chuideachta tá acmhainneacht mhór ann do dheiseanna tráchtála turasóireachta sna Cuain a chuireadh le fás na ngnó chúrsála atá ann cheana agus gnó eile turasóireachta lena mbaineann. Is féidir an léirmhíniú a déantar ar oidhreacht shaibhir muirí, imirce agus trádála Chuanta Chorcaí agus Bheantraí, tar éis tamaill, gnóthais inbhuanaithe agus deiseanna fostaíochta a chruthú. Tá sé ar intinn ag an gCuideachta ról cinnireachta a bheith aici sa réimse seo, trína gnó féin a fhorbairt agus trí thacú le forbairt eacnamaíochta agus tacú leis an acmhainneacht postanna a chruthú sa réigiún.

Easnamh an Chiste Pinsin le Sochar Sainithe:

Tá scéimeanna pinsin le sochar sainithe i bhfeidhm ag Cuideachta Phoirt Chorcaí d’fhostaithe a thosnaigh leis an gCuideachta roimh an 6 Márta 2006. Do na fostaithe a thosnaigh ag obair tar éis an 6 Márta 2006 feidhmíonn an Chuideachta Scéim Phinsin Ranníocaíochta Sainithe.

Tá sonraí maidir le Scéimeanna Pinsin Chuideachta Phort Chorcaí – Luacháil Achtúireach agus Faisnéisithe FRS17 san áireamh i nóta 22 de na Ráitis Airgeadais atá faoi iamh.

Tosaíochtaí Láithreacha:

Is iad tosaíochtaí láithreacha Chuideachta Phort Chorcaí ná:

